**Central Statistics Office**
**An Phríomh-Oifig Staidrimh**

# Press Statement
**Preas Ráiteas**

## Daonáireamh 2002 – Príomhthorthaí Soch-Eacnamaíochta

### Athrú mór sóisialta

Thug tuairisc a d'fhoilsigh an Phríomhoifig Staidrimh inniu le fios go bhfuil athruithe móra tagtha ar threochtaí fostaíochta/dífhostaíochta, cáilíochtaí oideachais a bhaintear amach, pátrúin taistil agus tréithe tithíochta. Tugann an tuairisc: *Daonáireamh 2002 – Príomhthorthaí Socheacnamaíocha* na torthaí deireanacha ón daonáireamh a cuireadh i gcrích ar an 28 Aibreán 2002.

Cuireann an tuairisc ar fáil freisin eolas don chéad uair ar cháilíochtaí tríú leibhéil, daoine atá faoi mhíchumas, cúramaithe agus an méid líonta tí a bhfuil ríomhairí pearsanta agus fáil ar an idirlíon acu.

### Ardú de 25% ar an bhfostaíocht i sé bliana

Tháinig fás ar an bhfostaíocht sa bhreis ar 25% (+334,000) idir na blianta 1996 agus 2002 agus thit líon na ndaoine dífhostaithe, iad siúd atá ag lorg fostaíochta rialta don chéad uair san áireamh, faoi 67,000. Baineann an fás sa lucht oibre a bhfuil taifead déanta air i ndaonáirimh le déanaí don chuid is mó leis an bhfás bunúsach sa daonra atá 15 bliana d'aois agus ós a chionn agus leis an bhfás i líon na mban atá rannpháirteach sa lucht oibre, tháinig ardú ar an gceann deireanach acu sin ó 28.2% sa bhliain 1971 go dtí 47% sa bhliain 2002.

### Dífhostaíocht is airde ag Dún na nGall

Bhí an t-ollráta dífhostaíochta* a déanadh a ríomh ó na freagraí a tugadh ar phríomhstádas eacnamaíoch i nDaonáireamh 2002 ag 8.8% go náisiúnta. Bhí an dífhostaíocht níos airde i gceantair uirbeacha (9.5%) ná mar a bhí i gceantair tuaithe (7.9%).

Ag leibhéal contae b'í Co Dhún na nGall an áit ina raibh an ráta b'airde dífhostaíochta (15.6%) sa bhliain 2002. Ina dhiaidh sin tháinig Cathair Luimní (13.9%) agus an Lú (13.2%). Bhí na rátaí ba ísle ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin (5.7%), Cill Dara (6.2%) agus Co Chorcaí (6.4%).

*B'é 4.2% an ráta oifigiúil dífhostaíochta don dara cheathrú den bhliain 2002 mar a thomhais an tSuirbhé Náisiúnta Ráithiúil Tithíochta ag baint úsáide as critéir EIS*

### Níos mó ban san oideachas i gcoibhneas le fir

Bhí níos mó ban san oideachas sa bhliain 2002 i gcoibhneas leis an méid fear do gach bliain aoise sa réimse 15 go dtí 24 bliana d'aois. Bhí an difríocht idir fhir agus mná ag an leibhéal b'airde i measc na ndaoine a bhí ocht mbliana déag d'aois ag 15.2 pointí céatadáin, is é sin le rá go raibh 75.2% de mhná a bhí 18 ag freastal ar an oideachas i gcomparáid le 60% d'fhir.

Tuilleadh/...

*Information Section*
*Central Statistics Office, Skehard Road, Cork*

Tel 021 453 5000
01 498 4000
Fax 021 453 5555
Website http://www.cso.ie
LoCall 1890 313 414
Email info@cso.ie

*Roinn Eolas*
*An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh*

Teil 021 453 5000
01 498 4000
Faics 021 453 5555
An Domhan http://www.cso.ie
GlaoÁitúil 1890 313 414
Ríomhphost info@cso.ie

Mar thoradh ar ardú ar rátaí rannpháirtíochta san oideachas ina measc siúd atá idir 18 agus 24 bliana d'aois tá méadú ginearálta ar an aois a stopann daoine ag freastal ar oideachas lánaimseartha. Beagnach 50% den daonra a bhí 15 bliana d'aois agus ós a chionn i 1981 agus a raibh deireadh tagtha lena n-oideachas lánaimseartha, d'fhágadar an córas oideachais roimh dóibh sé bliana déag d'aois a bhaint amach. Faoi 2002 bhí titim tagtha ar an bhfigiúr sin go dtí 24.4%.

**Cáilíochtaí tríú leibhéil ag duine i ngach cúigear**

In Aibreán 2002 bhí ós cionn 626,000 daoine a bhí 15 bliana d'aois agus ós a chionn a raibh cáilíochtaí tríú leibhéil acu, a bhaineadar amach tar éis dóibh dhá bhliain nó níos mó a chaitheamh ag staidéar, a deir torthaí ar cheist nua a bhí i nDaonáireamh 2002. B'ionann céimithe a bhí san aoisghrúpa 25 go dtí 34 bliana ag am an daonáirimh agus breis agus aon trian den iomlán agus 36.7% den aoisghrúpa.

**Níos mó úsáideoirí gluaisteáin**

Sa bhliain 2002 bhí formhór na n-oibrithe in Éirinn ag tiomáint chuig an obair i ngluaisteán. Bhí breis agus 55% d'oibrithe ag tiomáint chuig an obair, suas ó 46% sé bliana roimhe sin. Má chuirtear leis sin na hoibrithe a thaisteal chuig an obair mar phaisinéirí gluaisteáin nó a thiomáin chuig an obair i veaineanna nó i leoraithe, bhí beirt i ngach triúr oibrithe ina n-úsáideoirí príobháideacha feithiclí sa bhliain 2002.

Thaisteal oibrithe ar an meán 9.8 míle óna mbaile chuig an láthair oibre sa bhliain 2002, suas ó 6.7 míle sé bliana roimhe. Cé go raibh oibrithe uirbeacha ag taisteal achair níos giorra (7.8 míle) chuig a láithreacha oibre ná mar a bhí oibrithe a chónaigh i gceantair tuaithe (13.3 míle), bhíodar ag caitheamh níos mó ama ag taisteal (28 nóiméad i gcomparáid le 26 nóimead d'oibrithe tuaithe) de bharr brú tráchta.

**Breis agus leath na ndaltaí bunscoile dhá thiomáint chuig an scoil**

Bhí breis agus leath na ndaltaí bunscoile dhá thiomáint chuig an scoil i ngluaisteán sa bhliain 2002 i gcomparáid le níos lú ná duine i ngach cúigear fiche bliain roimhe sin. Sa tréimhse chéanna tháinig laghdú ó 47.3% go dtí 26% ar chéatadán na ndaltaí bunscoile a bhí ag siúl chun na scoile.

**Tá 8.3% den daonra faoi mhíchumas**

Tá fadhb fhadthéarmach sláinte nó míchumas ar beagnach 324,000 daoine, sin 8.3% den daonra iomlán, bunaithe ar na freagraí a tugadh ar dhá cheist nua i nDaonáireamh 2002. Bhí minicíocht an mhíchumais níos airde i measc na mban ná na bhfear (8.7% i gcomparáid le 7.8%) agus bhí beagnach dhá thrian díobh siúd a bhí faoi mhíchumas 50 bliana d'aois nó ós a chionn.

**Beagnach 149,000 cúramaithe**

San Aibreán 2002 dúirt beagnach 149,000 daoine a bhí 15 bliana d'aois agus ós a chionn (4.8% den iomlán) go gcuireann siad cúnamh pearsanta rialta gan phá ar fáil do chara nó do bhall teaghlaigh le tinneas fadthéarmach, fadhb sláinte nó atá faoi mhíchumas. Ba mhná iad breis agus 91,000 (nó 61%) den iomlán agus bhí breis agus a leath acu ina gceathrachaidí nó ina gcaogaidí. Tuairiscíodh go raibh breis agus bean amháin i ngach deichniúr san aoisghrúpa 40-59 ina cúramaí.

**Dubáilt ar líon na n-áitreabh príobháideach ar cíos**

Tháinig méadú beagnach dhá uair ar líon na n-áitreabh príobháideach ar cíos (ó 71,000 go 141,000) idir na blianta 1991 agus 2002, i ndiaidh laghduithe a tugadh faoi deara sa tríocha bliain roimhe sin. Tá áitreabh amháin i ngach nine gcinn anois ar cíos go príobháideach.

Don chuid is mó cónaíonn daoine in áitribh gur leo féin iad. Cé gur tháinig méadú de 22.7% (ó 807,000 go dtí 991,000) ar líon na n-áitreabh seo idir na blianta 1991 agus 2002, thit a sciar de na haonaid tithíochta ar fad ó 80.2% go dtí 77.4% – an chéad uair gur déanadh taifead ar laghdú den chinéal seo le blianta anuas.

**An céatadán b'airde tithíochta aonair i gCo na Gaillimhe**

Bhí breis agus ceann i ngach ceithre chinn den 290,000 aonaid tithíochta a tógadh ón mbliain 1991 ina dtithe aonair iontu féin i gceantair tuaithe (foirgnimh aonair le dabhach séarachais dá chuid féin ag gach teach). B'iad na contaetha leis an gcéatadán b'airde de na haonaid tithíochta aonair tógtha iontu ón mbliain 1991: Co. na Gaillimhe (63.1%), Co Mhuineacháin (54.1%), Co Ros Comáin (52.5%), Co an Chabháin (52.4%) agus Co Liatroime (52.3%).

Tuilleadh /...

**Uinéireacht Ríomhairí Pearsanta agus Fáil ar an Idirlíon**

Bhí ríomhaire pearsanta ag breis agus 555,000 (43.5%) líonta tí san Aibreán 2002 agus bhí fáil ar an idirlíon ag 436,000 (34.1%). Bhí Baile Átha Cliath chun tosaigh ar an gcuid eile den tír maidir le fáil ar an dá áis (48.8% i gcomparáid le 41.2% do na ríomhairí agus 39.4% i gcomparáid le 31.8% do fháil ar an idirlíon).

**Méadú ar líon na n-úinéirí gluaisteáin**

Bhí úinéireacht ghluaisteáin níos airde sna ceantair tuaithe (86.2%) ná mar a bhí sna ceantair uirbeacha (73.3%). Tá an treocht sa dá cheantar ag fás go láidir ón mbliain 1991 nuair a bhí na céatadáin chuí ag 74.6% agus 59.5% faoi seach. Bhí ar a laghad gluaisteán amháin an ceann ag breis agus milliún líon tí sa bhliain 2002 – méadú de 330,000 i gcomparáid leis an mbliain 1991. In aineoinn an fháis ar iomlán na líonta tí sa tréimhse chéanna, tháinig laghdú orthu siúd gan aon ghluaisteán síos 70,000 nó 20%.

## Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:

Príomhoifig Staidrimh, Rannóg an Eolais, Bóthar Skehard, Corcaigh

nó

Oifig Dhíolacháin Foilseachán an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2

Praghas: €15.

Is féidir cóipeanna a íoschóipeáil freisin ó shuíomh idirlín an POS (féach thíos).

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ó:**

An Phríomhoifig Staidrimh, Bóthar Átha Fhirdhia, Rath Maonais, Baile Átha Cliath 6
Fiosrúcháin daonáirimh: (01) 498 4000 folíne. 4284-4288.
Facs: (01) 497 2360
Ríomh-phost: census@cso.ie
Idirlíon: http://www.cso.ie

An Phríomhoifig Staidrimh — 15 Deireadh Fómhair 2003

**– CRÍOCH –**